



Gníomhaíocht Daltaí: Ag dealú Slánuimhreacha


Déan in éineacht leis an gcomhad idirghníomhach ‘Dealú Slánuimhreacha’ ar CD an Dalta




- Cliceáil agus feicfidh tú an chéad slánuimhir ar an uimhirlíne
 - Cliceáil agus léireofar an dara slánuimhir, ag tosú ón áit ar stop an chéad cheann
 - Cliceáil agus feicfidh tú an freagra
- (5) - (-10) = 15**
- Is é an ponc uathne an freagra.**




1. Léirigh $4 + 2$ ar an uimhirlíne.




2. Léirigh $4 - 2$ ar an uimhirlíne.




3. Léirigh $4 - (-2)$ ar an uimhirlíne.



4. Léirigh $5 - (-3)$ ar an uimhirlíne.



5. Léirigh $-5 - (-3)$ ar an uimhirlíne.



6. Abair go bhfuil teocht lúide trí chéim Celsius ann inniu agus go ndeirtear leat go mbeidh sé dhá chéim níos fuaire amárach, cén teocht a bheidh ann amárach? Cén chaoi ar oibrigh tú amach an freagra?

7. Más teocht líide trí chéim atá ann inniu, agus má deirtear leat go mbeidh sé dhá chéim níos teo amárach, cén teocht a bheidh ann amárach? Cén chaoi ar oibrigh tú amach an freagra?

8. Más teocht trí chéim atá ann agus má deirtear leat go mbeidh sé cúig chéim níos fuaire amárach, cén teocht a bheidh ann amárach? Cén chaoi ar oibrigh tú amach an freagra?

9. Abair go raibh tú in ardaitheoir ar urlár líide a haon, agus go ndeachaigh tú suas ceithre hurlár, cén t-urlár ar a mbeifeá ansin? Mínigh mar a d'oibrigh tú amach an freagra?

10. Scríobh na freagraí seo:

(a) $-4 + 1 =$

(b) $-4 + 0 =$

(c) $-4 - 1 =$

(d) $-4 - 5 =$

(a) $3 - 3 =$

(b) $3 - 2 =$

(c) $3 - 1 =$

(d) $3 - 0 =$

(e) $3 - (-1) =$

(f) $3 - (-2) =$

(g) $3 - (-3) =$

(h) $3 - (-4) =$

(i) $-5 - (-1) =$

(j) $-9 - (4 - (-3)) =$